An Coimisiún Eorpach

# BUISÉAD AE
# DON TODHCHAÍ

#EUBudget #EURoad2Sibiu #FutureofEurope



2 Bealtaine 2018

## AN CHOSAINT

### CÉN FÁTH A bhFUIL TOSAÍOCHT Á TABHAIRT DON RÉIMSE SEO?

Toisc gur i méid atá an éagobhsaíocht gheopholaitiúil sa chomharsanacht seo againne ag dul, ní mór don Aontas Eorpach bheith níos stuama agus í ag cosaint ár gcuid saoránach, a luachanna agus a modha mhaireachtála. Ní féidir leis an Aontas Eorpach ionad na mBallstát a ghlacadh i réimse na cosanta, ach is féidir leis an Aontas na Ballstáit a spreagadh dul i gcomhar le chéile ar fhorbairt na dteicneolaíochtaí agus an trealaimh a theastaíonn chun dúshláin choiteanna i réimse na cosanta agus na slándála a fhreagairt. Tá an tAontas Eorpach ag cur dlús lena sciar féin den obair atá á déanamh ar mhaithe le slándáil agus cosaint chomhchoiteann na hEorpa, agus tá sé ag obair i ndlúthchomhar lena chomhpháirtithe, Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (NATO) go háirithe.


### CAD A CHIALLAÍONN SIN Ó THAOBH COSTAIS DE?

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún buiséad **€13 bhilliún** (thar thréimhse 7 mbliana) a chur in áirithe don **Chiste Eorpach Cosanta**. Fágfaidh sin go mbeidh an tAontas Eorpach ar cheann de na ceithre infheisteoir is mó atá ann san Eoraip a infheistíonn i dtaighde agus i dteicneolaíochtaí cosanta.


**Buiséad in áirithe don Chiste Eorpach Cosanta**

**€4.1 billiún**
taighde comhoibríoch i réimse na cosanta a mhaoiniú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála atá ag teacht chun cinn agus a bheidh ann amach anseo


**€8.9 billiún**
tionscadail chomhoibríocha i bhforbairt inniúlachta a chómhaoiniú, rud a chomhlánóidh na ranníocaíochtaí náisiúnta




**Mórathrú ar an tslándáil agus ar an gcosaint**




*Foinse:* An Coimisiún Eorpach




## GNÉITHE NUA ATÁ SNA TOGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **Ciste Eorpach Cosanta** a bhunú chun cur leis an gcomhar idir na Ballstáit, agus airgead a shábháil dóibh, i ndáil le teicneolaíochtaí agus trealamh cosanta idir-inoibritheach den chineál is úire a chruthú. Trí thacaíocht a thairiscint do na céimeanna taighde agus forbartha den saolré cinnteofar nach gcaillfear torthaí taighde ceal maoiniú cuí a bheith ann chun an teicneolaíocht a fhorbairt agus a thástáil. Dá thoradh sin seachnófar dúbailt oibre, beidh lamháil ann do bharainneachtaí scála agus bainfear leas níos éifeachtúla as airgead an cháiníocóra. Fágfaidh an ciste go spreagfar fiontair bheaga agus mheánmhéide páirt a ghlacadh i dtionscadail chomhoibríocha.

Lena chois sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún go gcuirfidh an tAontas feabhas ar a bhonneagar iompair straitéiseach le go mbeidh an bonneagar sin in ann ag gluaiseachtaí míleata. Cuirfear buiséad ar leith **€6.5 billiún** in áirithe dó sin sa t**Saoráid um Chónascadh na hEorpa**.

## CAÍONNA EILE A nDÉANFAIDH AN BUISÉAD NUA DIFEAR SA RÉIMSE SEO

- Trí chomhar níos éifeachtaí a chur chun cinn leis an gclár nua taighde agus nuálaíochta **Fís Eorpach** cinnteofar gur féidir le torthaí ó thaighde sibhialta cabhrú le hinniúlachtaí cosanta a fhorbairt agus vice versa. Fágfaidh sin go seachnófar roinnt den dúbailt oibre a dhéantar.
- Dlúthnaisc a chinntiú idir an Ciste Eorpach Cosanta agus na tionscadail a cuireadh i bhfeidhm faoi chuimsiú an **Bhuanchomhair Struchtúrtha** i réimse na cosanta (PESCO). I gcás ina bhfuil tionscadal PESCO incháilithe, cuirfear cómhaoiniú breise (30 % seachas 20 %) ar fáil, ach ní maoiniú eisiach é ná ní mar réamhshocrú a chuirfear ar fáil é.
- Leis an t**Saoráid Eorpach Síochána**, ionstraim sheachbhuiséid nach dtagann faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, tabharfar tacaíocht do ghníomhaíochtaí eile a bhfuil baint acu leis an gcosaint. Beidh sé mar chuspóir leis an tsaoráid sin cur leis an tacaíocht a chuireann an tAontas ar fáil d'oibríochtaí síochána de chuid tríú páirtithe ar fud an domhain; íoc as comhchostais a bhaineann le misin mhíleata an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (atá cuimsithe faoin sásra Athena faoi láthair); agus é a chur ar chumas an Aontais gníomhaíochtaí níos forleithne a eagrú chun tacú le fórsaí armtha tíortha nach bhfuil san Aontas bonneagar, trealamh agus soláthairtí nó cúnamh teicniúil míleata a chur ar fáil.

# NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- **02/05 2018** — **Pacáiste maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2020**
- **13/06 2018** — **Tograí reachtacha earnála maidir le cláir chaiteachais**
- **28-29/ 06/2018** — An Chomhairle Eorpach
- **12/09 2018** — **Aitheasc an Uachtaráin Juncker faoi Staid an Aontais**
- **18-19/ 10/2018** — An Chomhairle Eorpach
- **13-14/ 12/2018** — An Chomhairle Eorpach
- **21-22/ 03/2019** — An Chomhairle Eorpach
- **09/05 2019** — Cruinniú Mullaigh Sibiu

Print ISBN 978-92-79-85042-4 doi:10.2775/720280 NA-04-18-352-GA-C
PDF ISBN 978-92-79-85036-3 doi:10.2775/744071 NA-04-18-352-GA-N